**I.R. Uimh. [•] Ordú um Rialáil Tacsaithe (Táillí Uasta) 202[•]**

I bhfeidhmiú na gcumhachtaí a thugtar dó le hAlt 24 den Acht um Rialáil Tacsaithe 2013 (Uimh. 37 de 2013 arna leasú), déanann an tÚdarás Náisiúnta Iompair an t-ordú seo a leanas:

1. An tOrdú um Rialáil Tacsaithe (Táillí Uasta), 202[•] is teideal don Ordú seo.
2. Tiocfaidh an tOrdú seo i ngníomh an [•].
3. San Ordú seo, tá an míniú céanna ag "lá saoire poiblí" mar atá in alt 1 agus alt 2 den Dara Sceideal den Acht um Eagrú Ama Oibre, 1997, mar aon leis an gcéad lá seachtaine eile má thiteann lá saoire poiblí ar an Domhnach.
4. Tá na táillí ann sa Sceideal socraithe mar na huastáillí ar féidir le tiománaí tacsaí a ghearradh ar thaistealaithe maidir le turas arna dhéanamh sa Stát.

SCEIDEAL

**Ráta Caighdeánach: Le taispeáint san Fhuinneog Ráta/Taraife mar 1**
I bhfeidhm ó 08.00 go 20.00, Luan go Satharn

| | | |
|---|---|---|
| **Luas um an Athrú (i gcónaí)** | 21.2 | km/u |
| **Táille Thosaigh** | | |
| Luach Airgeadúil | €4.40 | |
| Lamháltas Faid | 500 | méadar |
| Lamháltas Ama | 84.9 | soicind |
| **Taraif A** | | |
| Aonad Airgeadaíochta | €0.20 | |
| Lamháltas Faid | 151.5 | méadar |
| Lamháltas Ama | 25.7 | soicind |
| Taraif in aghaidh na huaire | €27.98 | |
| Taraif in aghaidh an chiliméadair | €1.32 | |
| Tionscnaítear Taraif A ag an athrú iomlán reatha ó | €4.40 | |
| go | €4.60 | |
| Réimse Tharaif A | €19.20 | |
| Téitear ar aghaidh go Taraif B nuair a athraíonn iomlán reatha ó | €23.60 | |
| go | €23.80 | |
| Incrimintí Uasta an Aonaid ar Tharaif A | 96 | |
| Réimse Tharaif A nuair a ghearrtar costas de réir faid amháin | 14,545.50 | méadar |
| Réimse Tharaif A nuair a ghearrtar costas de réir ama amháin | 2,470.0 | soicind |
| **Taraif B** | | |
| Aonad Airgeadaíochta | €0.20 | |
| Lamháltas Faid | 116.3 | méadar |

DREACHT

| | | |
|---|---|---|
| Lamháltas Ama | 19.7 | soicind |
| Taraif in aghaidh na huaire | €36.46 | |
| Taraif in aghaidh an chiliméadair | €1.72 | |

Baineann Taraif B leis an gcuid eile den turas

**Ardrátaí: Le taispeáint san Fhuinneog Ráta/Taraife mar 2**
I bhfeidhm ó 08.00 go 20.00, Luan go Satharn, agus don lá ar fad ar an Domhnach agus don lá ar fad ar laethanta saoire poiblí (seachas Lá Nollag agus Lá na Bliana Nua) – seachas gach Satharn agus gach Domhnach ó 00.00 go 04.00 toisc go mbaineann Ráta Speisialta leis an tréimhse sin

| | | |
|---|---|---|
| **Luas um an Athrú (i gcónaí)** | 21.2 | km/u |

**Táille Thosaigh**

| | | |
|---|---|---|
| Luach Airgeadúil | €5.40 | |
| Lamháltas Faid | 500 | méadar |
| Lamháltas Ama | 84.9 | soicind |

**Taraif A**

| | | |
|---|---|---|
| Aonad Airgeadaíochta | €0.20 | |
| Lamháltas Faid | 110.5 | méadar |
| Lamháltas Ama | 18.8 | soicind |
| Taraif in aghaidh na huaire | €38.37 | |
| Taraif in aghaidh an chiliméadair | €1.81 | |
| Tionscnaítear Taraif A ag an athrú ó | €5.40 | |
| go | €5.60 | |
| Réimse Tharaif A | €26.40 | |
| Téitear ar aghaidh go Taraif B nuair a athraíonn iomlán reatha ó | €31.80 | |
| go | €32.00 | |
| Incrimintí Uasta an Aonaid ar Tharaif A | 132 | |
| Réimse Tharaif A nuair a ghearrtar costas de réir faid amháin | 14,585.6 | méadar |
| Réimse Tharaif A nuair a ghearrtar costas de réir ama amháin | 2,476.8 | soicind |

**Taraif B**

| | | |
|---|---|---|
| Aonad Airgeadaíochta | €0.20 | |
| Lamháltas Faid | 90.9 | méadar |
| Lamháltas Ama | 15.4 | soicind |
| Taraif in aghaidh na huaire | €46.64 | |
| Taraif in aghaidh an chiliméadair | €2.20 | |

Baineann Taraif B leis an gcuid eile den turas

**Ráta Speisialta le haghaidh Oícheanta Deireadh Seachtaine, Lá Nollag agus Lá na Bliana Nua: Le taispeáint san Fhuinneog Ráta/Taraife mar 3**
Baineann ráta speisialta le Dé Sathairn agus Dé Domhnaigh ó 00.00 go 04.00, agus idir Oíche Nollag 20:00 go Lá Fhéile Stiofáin 08:00 agus Oíche Chinn Bliana 20:00 go Lá na Bliana Nua 08:00.

| | | |
|---|---|---|
| **Luas um an Athrú (i gcónaí)** | 21.2 | km/u |

**Táille Thosaigh**

| | |
|---|---|
| Luach Airgeadúil | €5.40 |

DRÉACHT

| | | |
|---|---|---|
| Lamháltas Faid | 500 | méadar |
| Lamháltas Ama | 84.9 | soicind |

**Taraif A**

| | | |
|---|---|---|
| Aonad Airgeadaíochta | €0.20 | |
| Lamháltas Faid | 90.9 | méadar |
| Lamháltas Ama | 15.4 | soicind |
| Taraif in aghaidh na huaire | €46.64 | |
| Taraif in aghaidh an chiliméadair | €2.20 | |

| | |
|---|---|
| Tionscnaítear Taraif A ag an athrú ó | €5.40 |
| go | €5.60 |

Baineann Taraif A leis an gcuid eile den turas

**Táillí méadraithe breise (i gcás inarb infheidhme)**

**Táille Áirithinte** €3.00

**Táille paisinéara breise**: gach paisinéir fásta i ndiaidh an chéad duine (nó, i ndiaidh an chéad pháiste saor in aisce, le haghaidh gach páiste faoi 12 bliain d'aois sa bhreis) €1.00

**Táille Shalaithe**, i gcás inarb infheidhme — Costas Réasúnach maidir leis an salú a dheisiú, suas go €140.00

Is féidir **Táillí Dola** a ghearradh mar a thabhaítear iad, i gcomhréir le scéim dola arna ghlacadh ag údarás bóthar faoi Acht na mBóithre, 1993 go dtí seo.

ARNA THABHAIRT faoi shéala an Údaráis Náisiúnta Iompair ar an

[•].

Peter Strachan,

Cathaoirleach, an tÚdarás Náisiúnta Iompair.

DRÉACHT

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

(*Ní cuid den Ionstraim an nóta seo ná ní ceart a mheas gur míniú dlíthiúil uirthi é.*)

Leagtar síos leis an Ordú seo na huastáillí ar féidir le tiománaí tacsaí a ghearradh ar thaistealaithe maidir le turas arna dhéanamh sa Stát i gcomhréir leis an tábla atá ann sa Sceideal a ghabhann leis an Ordú.

DRÉACHT